**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/656 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21 Aibreán 2021**

**lena gcláraítear ainm i gclár na Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht ("Slovenska potica" (STR))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(3)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 50(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, an t-iarratas ón tSlóivéin ar an ainm "Slovenska potica" a chlárú mar Shainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR), is iarratas é a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) An 29 Meitheamh 2020, fuair an Coimisiún an fógra freasúra agus an ráiteas freasúra réasúnaithe gaolmhar ón Ostair. Rinne an Coimisiún an fógra freasúra agus an ráiteas freasúra réasúnaithe ón Ostair a chur ar aghaidh chuig an tSlóivéin an 3 Iúil 2020.

(3) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an gcur i gcoinne a rinne an Ostair agus chinn sé go raibh sé inghlactha. Leis an gcur i gcoinne maítear go bhfuil an t-ainm "Potize"/"Putize" fós in úsáid san Ostair le haghaidh táirgí comhchosúla a dhéantar san Ostair agus gur dleathach an t-ainm a úsáid agus gur ainm é atá aitheanta leis na glúine. Thairis sin, áitítear go bhfuil tábhacht mhór eacnamaíoch ag baint le táirgeadh "Potize"/"Putize" san Ostair, go háirithe i gcás na gcuideachtaí, atá lonnaithe i ndeisceart na hOstaire, a bhíonn á tháirgeadh. Dá bhrí sin, i dtaca leis an iarratas an t-ainm sin a fhorchoimeád go heisiach do tháirgí a bhfuil an t-ainm sin orthu agus a dhéantar sa tSlóivéin (i gcomhréir le traidisiún na Slóivéine), measann an Ostair nach mór diúltú don iarratas sin. I gcás ar bith, measann an Ostair nach mór a áirithiú go mbeifear fós in ann "Potize" nó "Putize" a tháirgeadh agus an t-ainm a úsáid, ainm atá in úsáid leis na blianta fada san Ostair le haghaidh táirge a dhéantar i gcomhréir le traidisiún na hOstaire. Go hachomair, leis an gcur i gcoinne maítear gur dleathach an t-ainm atá beartaithe a chlárú, go bhfuil cáil air agus go bhfuil sé suntasach ó thaobh an gheilleagair de i gcás táirgí talmhaíochta nó bia-earraí comhchosúla i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(4) Le litir dar dáta an 28 Iúil 2020, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i mbun comhairliúcháin iomchuí chun teacht ar chomhaontú eatarthu féin i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

(5) Tháinig an tSlóivéin agus an Ostair ar chomhaontú, a cuireadh in iúl don Choimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2020, laistigh den sprioc-am a leagadh síos.

(6) Chomhaontaigh an tSlóivéin agus an Ostair nach ndéantar an t-ainm "Slovenska potica" a mhí-úsáid, a aithris ná a thabhairt chun cuimhne mar Shainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR) na téarmaí "Potize" agus "Putize" a úsáid.

(7) Thairis sin, d'aontaigh siad gur dlisteanach iad na hainmneacha 'Slovenska potica' ar thaobh, agus "Potize" agus "Putize" ar an taobh eile. Dheimhnigh an tSlóivéin nach ndéanfaí dochar do cheart tháirgeoirí na hOstaire, le clárú "Slovenska potica" mar Shainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR), na téarmaí "Potize" agus "Putize" a úsáid. Mar sin féin, ní úsáidfidh táirgeoirí na hOstaire aon eilimint den phacáistíocht lena dtagraítear don tSlóivéin, e.g. bratacha, dathanna etc.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 110, 2.4.2020, lch. 12.

(8) Is féidir a thuiscint as an gcomhaontú gur aithin an tSlóivéin an ceart atá ag táirgeoirí na hOstaire leanúint de na hainmneacha "Potize" agus "Putize" a úsáid agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé i gceist an téarma "potica" a chosaint, téarma atá mar chuid den ainm cumaisc "Slovenska potica" a bhfuil an chosaint á lorg ina leith. Mar thoradh air sin, ba cheart an t-ainm "Slovenska potica" a chosaint ina iomláine, ach ba cheart a bheith in ann an téarma "Potica" a úsáid fós i gcás táirgí nach gcomhlíonann sonraíocht táirge "Slovenska potica" laistigh de chríoch an Aontais ar choinníoll go n-urramaítear na prionsabail agus na rialacha is infheidhme ina dhlíchóras.

(9) Leis an gcomhaontú idir an tSlóivéin agus an Ostair, ní gá leasú a dhéanamh ar an tsonraíocht táirge a fhoilsítear i gcomhréir le hAirteagal 50(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(10) Dá réir sin, ba cheart an t-ainm "Slovenska potica" a iontráil i gclár na Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an t-ainm 'Slovenska potica' (STR) cláraithe.

Leis an ainm sa chéad mhír sainaithnítear táirge ó Aicme 2.3. Arán, taosrán, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí báicéara eile a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

*Airteagal 2*

Féadfar an t-ainm "Potica" a úsáid fós i gcás táirgí nach gcomhlíonann sonraíocht táirge "Slovenska potica" laistigh de chríoch an Aontais ar choinníoll go n-urramaítear na prionsabail agus na rialacha is infheidhme ina dhlíchóras.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).